



dream dar sloinne Mac Cárthaigh a bhí lonnaithe i nDeasumhain (Deisceart na Mumhan), d'éirigh leo méid áirithe cumhachta a bhaint amach arís ag Caiseal i 1119. Bhí sé mar thoradh air seo gur thóg Cormac Mac Cárthaigh, Rí Dheasumhan, Séipéal álainn Chormaic, foirgneamh a coisriceadh i 1134.

Ní heol dúinn taifid ar bith a bheith ar marthain ar thógáil na hardeaglaise atá ann faoi láthair sa 13ú haois. Mar thoradh air seo, is í an ailtireacht amháin atá mar fhianaise ar dhátú a tógála. Is dócha gur tosaíodh tógáil an chóir faoi chúram an Ardeaspag Marianus Ua Briain (1224-38) nó a chéad chomharba, Dáithí Mac Cellaig Ó Gilla Pátraic, fear a fuair bás sa bhliain 1253. Is dócha gur críochnaíodh an chuid eile i rith réimeas fada Dháithí Mhic Cearbhaill (1253-89).

Rinneadh athruithe móra ar an ardeaglais sa 15ú haois, ag an Ardeaspag Risteard Ó hEideáin (Risdeárd Ó hÉidigheáin) (1406-40), b'fhéidir, nuair a cuireadh forbhallaí léi, chomh maith leis an túr cónaithe ag ceann thiar chorp na heaglaise. Bhronn Ó hEideáin talamh ar na Cléirigh Chórúla, chomh maith le halla a thógáil mar áit chónaithe dóibh ar an gCarraig.

Is iomaí anachain a tharla don ardeaglais, go háirithe nuair a rinne Tiarna Inse Uí Chuinn toghail uirthi thar ceann Pharlaimint Shasana i 1647. Ach bhí sí in úsáid ag Eaglais na hÉireann go fóill go dtí 1749, nuair a tréigeadh an seansuíomh agus stádas ardeaglaise tar éis a bheith bronnta ar Shéipéal Eoin

ar an mbaile. Bhí cuid den díon fágtha ar an sean-ardeaglais ar an gCarraig ar feadh tamaill, ach thit sé isteach de réir a chéile. Faoi 1848, bhí an díon tar éis titim isteach, in éineacht le cuid den túr cónaithe. Thit an chuid is mó de bhinn thoir an chóir isteach chomh maith i rith na mblianta tréigin agus faillí seo.

Nuair a díbhunaíodh Eaglais na hÉireann i 1869, cuireadh fothracha tábhachtacha eaglasta amhail Carraig Phádraig faoi chúram an Stáit mar Shéadchomharthaí Náisiúnta agus rinneadh obair caomhnaithe ag Carraig Phádraig i 1875.

Sa bhliain 1975, rinneadh tochailt i Halla na gCléireach Córúil, cuireadh díon nua air agus athchóiríodh é. Athchóiríodh an suanlios chomh maith sna 1980idí. Tá an obair caomhnaithe i Séipéal Chormaic, lena n-áirítear an mhúrdhathadóireacht sa chórlann, ar siúl go fóill.

Cros Phádraig

Idir Halla na gCléireach Córúil agus an ardeaglais, tá macasamhail de Chros Phádraig ón 12ú haois. Tá an chros bhunaidh ar taispeáint anois i siléar na gCléireach Córúil. Is cros neamhghnách í seo i measc na n-ardchros Éireannach sa chaoi nach bhfuil fáinne thart timpeall ar cheann na croise agus sa chaoi go bhfuil fo-thacaí air ar dhá thaobh na sáfaí, cé nach bhfuil ach ceann amháin acu fágtha anois. Amhail an chuid is mó de na hardchrosa ón 12ú haois, tá deilbh Chríost chéasta ar thaobh amháin agus é gléasta i róba fada; ar an taobh eile, tá deilbh easpaig nó aba. Is minic a tugadh le fios go raibh an bonn mar chloch oirnithe ríthe Chaisil, ach is beag seans gur fíor sin. Is léir gur roghnaíodh, gur baineadh agus gur snoíodh an bhunchloch in éineacht leis an gcros.



Séipéal Chormaic

Séipéal Chormaic

Tá Séipéal Chormaic ar cheann de na séipéil is sine agus is breátha a tógadh sa stíl Rómhánúil in Éirinn. Cuimsíonn an foirgneamh corp eaglaise agus córlann, chomh maith le túir starracha ar na ballaí thuaidh agus theas de chorp na heaglaise. Tá béil dorais i mballaí thuaidh agus theas chorp na heaglaise agus tá seomraí áiléir cónaisc (crochtaí) idir corp na heaglaise agus an chórlann os cionn a síleálacha boghtacha.

Ar na gnéithe neamhghnácha atá ann agus a bhfuil leaganacha comhchosúla díobh i Sasana agus ar an Mór-Roinn, tá na cúrsaí sreinge and stuaraí caocha ar na ballaí inmheánacha agus seachtracha. Tá an radharc is soiléire orthu seo le feiceáil ar an aghaidh gaineamhchloiche a bhfuil a tosach ó dheas. Is gné Rómhánúil eile é an stuadhoras trí ord, a bhfuil ainmní snoite ar a thiompán (an chloch atá i gceann inmheánach leathchiorclach an áirse) .

Níl an doras theas chomh mórthaibhseach leis an bpríomhbhéal dorais bunaidh ar thaobh thuaidh an fhoirgnimh, rud atá níos mó agus níos ornáidí. Tá leon mór le feiceáil ar an tiompán snoite os cionn an dorais thuaidh seo agus é á sheilg ag cainteár beag (leath de ina dhuine agus leath de ina chapall) a bhfuil bogha agus mullaí colúin atá snoite go fíneálta in áirse na córlainne ceithre ord. Tá sraith iontach cinn chloiche ar cholúin agus áirse an dara ord ón taobh amuigh. Tá cuid mhaith den obair phéinte bhunaidh mheánaoiseach



Tiompán os cionn bhéal dorais thuaidh Shéipéal Chormaic

Os cionn stuaraí caocha bhallaí inmheánacha chorp na heaglaise, tá boghta bairille pléineáilte ar a bhfuil easnacha. Nuair a théitear soir, tá oscailtí sna ballaí thuaidh agus theas mar theacht ar na túir. Tá staighre bíse sa túr theas, rud atá mar theacht ar na crochtaí atá thuas. Tá an béal dorais sa bhalla thuaidh atá níos mó agus níos ornáidí mar theacht ar sheomra urlár talún an túir thuaidh. Seans go raibh sé seo ina fhoshéipéal beag. Bhíodh corp na heaglaise á shoilsiú aniar trí thrí fhuinneog atá clúdaithe go páirteach anois ag croslann na hardeaglaise a tógadh ina dhiaidh sin.

Bhí cruthú an tsarcafagais ornáidigh chloiche ag ceann thiar chorp na heaglaise go mór faoi thionchar stíl Lochlannach Urnes, rud a fheictear sa chaoi go bhfuil an painéal tosaigh a bhfuil dochar déanta dó clúdaithe le beithígh agus nathracha comhshnaidhmthe. Baineann sé go garbh le ré an tséipéil féin, ach bogadh anseo é ó ardeaglais an tríú haois déag in 1875.

Tá leagan amach cearnógach ar an gcórlann, nach mór, áit a bhfuil cuasán altóra a shíneann amach go seachtrach ag an gceann thoir. Gné aisteach den séipéal ná go bhfuil an chórlann suite amach ó lár chorp na heaglaise. Tá colúin agus mullaí colúin atá snoite go fíneálta in áirse na córlainne ceithre ord. Tá sraith iontach cinn chloiche ar cholúin agus áirse an dara ord ón taobh amuigh. Tá cuid mhaith den obair phéinte bhunaidh mheánaoiseach



Péintéireacht ón 12ú haois ar shileáil chórlann Shéipéal Chormaic

mhaisiúil fágtha ar an múnlaíl rollaí san áirse.

Síneann dhá easna bhoghta na córlainne ó na cúinní agus trasnaíonn siad a chéile sa lár, áit a roinneann siad dromchla an bhoghta ina cheithre chuid thriantánacha, ar a bhfuil iarsmaí péintéireachta a bhfuil seans ann go mbaineann sí leis na Saoithe. Taispeánann iarsmaí fairsinge obair phéinte ar an mballa theas cuid de radharc ina léirítear baisteadh Chríost. Bhí cuid mhaith den dath folaithe ar feadh na gcéadta bliain agus bhí gá le glanadh agus caomhnú dian sula raibh sé le feiceáil arís, obair a rinneadh sna 1980idí agus 1990idí. Is beag péintéireacht mhúrach atá fágtha i séipéil mheánaoiseacha na hÉireann agus tá na samplaí seo ar na cinn is luaithe agus is iomláine atá ar marthain go fóill.

An Ardeaglais

Is séipéal mór Gotach crosdealbhach gan taobhranna í an Ardeaglais, rud a tógadh idir 1230 agus 1270. Tá túr ón 15ú haois tógtha ar an gcrosaire idir an séipéal agus na croslanna. Bhí an ardeaglais tógtha go garbh idir trí dhéanmhas a bhí ann roimpi: an cloigtheach, Séipéal Chormaic agus tobar a snoíodh as an gcarraig. Cuireadh bailiúchán cuimsitheach agus ilghnéitheach cinn chloiche ar mhullaí colúin, baic cloch shileáin agus coirbéil taobh istigh agus taobh amuigh den fhoirgneamh.



Corp agus cór na hArdeaglaise

An Có

Bhí an ard-altóir suite ag ceann thoir an chóir.Níl ach an chuid íochtair den bhinn thoir ann go fóill, in éineacht leis an gcuid íochtair dá fuinneog thoir trí léas.Tá an tsraith d'fhuinneoga arda caola ar na ballaí thuaidh agus theas ag teacht le foirgneamh a bhfuil dáta tógála thart ar na 1230idí ag baint leis. Tá fuinneoga beaga ceathairfhíleacha idir barra na bhfuinneog seo. Gaineamhchloch atá sa chloch bhunaidh shnoite sa chór, i gcodarsnacht leis an aolchloch a úsáideadh le haghaidh snoíodóireacht fhíneálta sa chuid eile den fhoirgneamh a tógadh ina dhiaidh sin. Sa bhalla theas, agus iad ag tosú ag an gceann thoir, tá an piscina (almóir ina bhfuil báisín cloiche agus draein, áit a nglantaí na soithí naofa), na sedilia a bhfuil dochar déanta dóibh (áit a suíodh na ceiliúraithe ag amanna áirithe den Aifreann) agus tuama balla Mhaolmhuire míchlúiteach Mhic Craith, fear a bhí ina easpag Protastúnach ar Chaiseal ó 1570 go dtí 1622.

An Chroslann agus an Crosaire

Tá fuinneoga móra trí léas i mballaí cinn an dá chroslann, rudaí ar islíodh a n-airde sa 15ú haois. Ag gobadh amach ó thaobh thoir na croslainne thuaidh, tá dhá shéipéal, a bhfuil binn thoir sa dá cheann acu ina bhfuil fuinneog dhá léas. Tá na séipéil sa chroslann theas i bhfad níos éadoimhne, toisc go raibh Séipéal Chormaic ansin cheana.Tá iarsmaí móra péintéireachta balla ón 15ú haois ar bhalla thoir na croslainne theas.

Is obair bhunaidh den 13úhaois iad áirsi an chrosaire agus síneann siad ó cholúin bhrailsilthe bhandáilte ar a bhfuil mullaí colúin ornáideacha. Atógadh an chuid is mó den bhoghta easnach pléineáilte sa lár in 1875. Tógadh páirt uachtair an túir agus na forbhallaí ar bharr na mballaí nuair a athdhearadh an ardeaglais sa 15ú haois.

Corp na hEaglaise

I gcodarsnacht leis an gcuid is mó séipéal, tá corp na heaglaise níos giorra ná mar is gnách, go háirithe i gcomparáid leis an gcór, rud atá i bhfad níos faide. Is maith an seans gur beartaíodh corp eaglaise níos faide, ina mbeadh na béil dorais thuaidh agus theas suite leath slí tríthi, sa phlean a bhí ann sa 13ú haois. Cuimsíonn an túr cónaithe a tógadh sa 15ú nó sa 16ú haois ceann iomlán thiar chorp bunaidh na heaglaise agus is léir gur atógadh na ballaí go hiomlán, nach mór, lena aghaidh.

Is é an póirse ar an taobh theas ina bhfuil síleáil boghta bhléinigh, atá mar phríomhbhealach isteach. B'fhéidir go raibh póirse macasamhla ar an taobh thuaidh, ach ní hann dó seo a thuilleadh.

An Cloigtheach

Is é an cloigtheach an foirgneamh is sine atá ann go fóill ar an gCarraig agus ceaptar gur tógadh é thart ar 1101.Is éard a bhí i gceist le cloigthithe ná túir shaorsheasaimh ina raibh cloig agus tógadh iad idir an chuid dheireanach den 10ú haois agus lár an 12ú haois agus tá cruth agus foirm uathúil orthu a fheictear in Éirinn amháin. Faightear iad ag suíomhanna tábhachtacha eaglasta amháin agus is minic go bhfuil aghaidh an bhéil dorais le béal dorais thiar phríomhshéipéal an tsuimh.

Is cloigtheach iomlán é an ceann seo ar Charraig Phádraig (28m ar airde), suas go dtí an díon coirceogach cloiche. Tá a bhéal dorais molcheannach i bhfad os cionn leibhéal na talún agus is gné choitianta é seo i measc na gcloigthithe. Bhíodh urláir adhmaid ann ar dtús, a mbíodh ceangal dréimire eatarthu. Bíonn na hurláir mheánacha á soilsiú trí fhuinneoga beaga lindéar, agus tá ceithre fhuinneog a bhfuil cinn thriantánacha orthu agus a bhfuil an fad céanna eatarthu go léir ar an urlár uachtair, áit a mbíodh an clog nó na cloig.

Halla na gCléireach Córúil

Tá foirgneamh fada dhá stór taobh theas den ardeaglais ag ceann an bhóthair isteach a bhfuil fána ghéar leis i dtreo an tsuimh. Thóg an tArdeaspag Ó hEideáin an halla agus an suanlios taobh thoir de ina dhiaidh sin sa chuid luath den 15ú haois, ar mhaithe le cóiríocht a sholáthar do na Cléirigh Chórúla, scata fear, idir thuata agus chléiriúil, a bhí ceaptha le bheith ag canadh i rith na seirbhísí.

Chuimsigh an leibhéal uachtair príomhsheomra suí na gCléireach Córúil, áit a bhfuil teallach mór sa bhalla theas. Athchóiríodh an seomra seo le háiléar adhmaid ag an gceann thiar. Tá bailiúchán de shnoíodóireacht chloiche a bhaineann leis an gCarraig go príomha sa siléar boghtach atá thíos faoin halla. Tá Cros bhunaidh Phádraig á coinneáil anseo ar mhaithe lena cosaint ó chreimeadh na haimsire.



Ar dheis: Radharc taobh theas de halla agus suanlios na gCléireach Córúil Cúira: Fuinneoga cóir na hArdeaglaise

Thuas ar chlé: Cros Phádraig



Piara an chroaire agus an tséipéil chroslainne san Ardeaglais




Taobh istigh Shéipéal Chormaic



Thuas: Radharc ar an gClogtheach agus an Ardeaglais ón oir-thuaisceart
Cúlra: Fuinneoga cóir na hArdeaglaise

Plean Talún na hArdeaglaise



0 5 10 20m
Méadar

Léarscáil Suímh Charraig Phádraig

- 1 Slí Isteach
- 2 Halla na gCléireach Córúil
- 3 Suanlios na gCléireach Córúil
- 4 Cros Phádraig (Macasamhail)
- 5 Séipéal Chormaic
- 6 An Ardeaglais
- 7 Clogtheach
- 8 Bábhún agus túr cóirnéil



0 5 10 20m
Méadar

127/15

Carraig Phádraig

TREOIR DO CHUAI RTEOIRÍ



Carraig Phádraig

Tá Carraig Phádraig agus a scáthchruth maorga d'fhoirgnimh mheánaoiseacha eaglasta suite go hard os cionn mhá thorthúil na Siúire i gcroílár na Mumhan.

Cúlra: Cur síos (aistrithe) ar Charraig Phádraig as 'Scenery and Antiquities of Ireland' le Bartlett, 1842

Stair

Agus í mar ionad ag ríthe na Mumhan tráth, bhí tábhacht le Carraig Phádraig ar dtús mar dháingean. Rianaitear a bunús mar ionad cumhachta siar go dtí an 4ú nó an 5ú haois AD, nuair a tháinig na hEoghanachta, sliocht Eoghain Mhóir, i réim ar dtús. Deirtear gurbh é Conall Corc, fear a shíolraigh ó Eoghan Mór, a bhunaigh ríge Chaisil. Scaip ríshleachta na nEoghanachta ar fud Chúige Mumhan agus ní raibh cead ach ag ríthe na nEoghanachta a bheith ina ríthe an gcúige suas go dtí an 10ú haois. Gné neamhghnách de ríge Chaisil ná an líon dá ríthe a bhí ina bhfír eaglasta chomh maith.

De réir an tseanchais, bhaist Naomh Pádraig garmhíc Chonaill Corc ag Caiseal. Deirtear gur tholl bachall bhiorach an naoimh cos Óenguis i rith an bhaiste agus gur fhulaing an fear céanna an gortú seo go foighneach, toisc gur chreid sé gur chuid rithábhachtach den searmanas é.

Faoin gcuid dheireanach den 10ú haois, d'éirigh le ríthe Dhál gCais, dream a bhí lonnaithe thart ar Chill Dalua i gContae an Chláir, d'éirigh leo ríge Chaisil a bhaint de na hEoghanachta. Tháinig Brian Bórainmhe (Ború) de Dhál gCais i gcomharbas ar a dheartháir mar Rí Chaisil i 978 agus bhí sé ar an gcéad rí ar Chúige Mumhan ar éirigh a bheith

ina Ardri ar Éirinn nuair a rinneadh Rí ar Theamhair de in 1002. Maraíodh é ag Cath Chluain Tarbh i 1014.

Thug Muircheartach Ua Briain, Rí Chaisil, Carraig Phádraig don Eaglais i 1101. Is leis an sár-bheartú seo a d'éirigh leis a dhintúirí mar leasaitheoir eaglaise a chur chun cinn, chomh maith le cinntiú nach bhféadfadh a shean-naimhde, na hEoghanachta, a sean-ionad ríoga a aisghabháil. Sa bhliain 1111, roinneadh Éire den chéad uair ina deoisí dúichíocha agus tháinig cead ón Róimh chuig Sionod Cheannannais (1152) chun ceithre ardeaspagóideacht a bhunú ag Ard Mhacha, Caiseal, Tuaim agus Baile Átha Cliath. Is beag athrú atá déanta ar an gcóras deoisí seo go dtí an lá atá inniu ann.

Bhí séipéal nó ardeaglais réasúnta mór ar Charraig Phádraig go luath i ndiaidh 1101, agus faoi 1111 go cinnte. Is dócha go raibh sé seo suite ar shuíomh cheann thoir chóir na heaglaise ón 13ú haois. D'éirigh le craobh de na hEoghanachta,



Ar dheis: Cinn shnoite ar mhullai colúin ón 13ú haois

ar leanúint ar an leathanach thal



OPW

Oifig na nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

Caiseal, Co. Thiobraid Árann